# Droichead - Príomhchéimeanna - Bunscoile

## Ag ullmhú do mhúinteoir nuacháilithe (MNC)

1. **Clárú agus Oiliúint**
   - Roghnaigh baill na Foirne Gairmiúla Tacaíochta (FTG)
   - Cláraigh chun dul i mbun oiliúna: https://oide.ie/ga/droichead/ nó primarydroicheadsupport@oide.ie
   - Freastalaíonn an FTG ar an oiliúint a sholáthraíonn an Rannán Ionduchtúcháin Droichead.
2. **An próiseas pleanála**
   - Céad chruinniú/ithe den FTG
   - Rólanna agus Freagrachtaí an FTG a aontú
   - Sracphlean Droichead a ullmhú
   - An Paca Fáiltithe a réiteach
   - Tús a chur le Beartas Ionduchtúcháin a chur i dtoll a chéile
   - Cur i láthair don fhoireann uile a leagan amach

Féach ar Snáithe A: Ionduchtú Scoilbhunaithe le haghaidh samplacha agus teimpléid ábharatha atá luaitear thuas

## Dul i mbun an phróisis le MNC

3. **An próiseas a ghníomhachtú**

Déanann an MNC iarrtas ar líne https://www.teachingcouncil.ie/ga/ chun próiseas a thosú. Cuireann an MNC cóip den ríomhphostdeimhnithe ón gComhairle Mhúinteoireachta ar fáil do FTG na scoile. Cuirtear tús le próiseas Droichead nuair a fhaightear an ríomhphost seo **agus** tar éis do bheirt bhall FTG ar a laghad an dá lá d'Oiliúint FTG a chríochnú go hiomlán.

4. **Ag cur tús leis an bpróiseas**

Socraíonn an FTG cruinniú tosaigh leis an MNC. Tá clár oibre samplach ar fáil ar Snáithe A: Ionduchtú Scoilbhunaithe

5. **Le linn an phróisis**

Úsáideann an FTG agus an MNC caighdeáin Droichead chun an próiseas a threorú. Socraíonn an FTG cruinnithe rialta agus comhráite don FTG féin agus idir an FTG agus an MNC. Ba chóir **athbhreithniú gach ráithe** a chur san áireamh anseo. Is féidir leis an MNC gníomhaíochtaí oiriúnacha ionduchtaithe a roghnú as an dTaisce mar fhócas do chomhráite gairmiúla, atá lárnach do phróiseas Droichead.

I gcomhar leis an MNC, soláthraíonn an FTG gníomhaíochtaí oiriúnach ionduchtaithe ar aon dul le riachtanais atáag teacht chun cinn san MNC. Áirítear anseo na comhráite gairmiúla a luadh cheana. Coimeádann an FTG agus an MNC taifid de na gníomhaíochtaí ionduchtaithe scoilbhunaithe. Bíonn teagmháil ag an FTG trí theagmhálaí ainmnithe na scoile.

Freastalaíonn an MNC **ar chnuaschruinniú in aghaidh an téarma.** Tá eolas maidir le Cnuaschruinnithe, lena n-áirítear an Féilire do Chnuaschruinnithe agus Cnuaschruinnithe – Faisnéis Thábhachtach agus Prótacail Freastail do MNCanna, ar fáil ar an rannán dár suíomh gréasáin faoi Chnuaschruinnithe**.** Ba chóir do MNCanna bheith páirteach i ngníomhaíocht foghlamagairmiúla amháin eile, a roghnóidh siad féin de réir a riachtanais foghlama gairmiúla féin, i gcomhar leis an FTG. Tinrimh ina dtugtar nasc le gur féidir leat clárú. Ba chóir do MNCanna bheith páirteach i ngníomhaíocht foghlama gairmiúla amháin


CC BY NC

eile, a roghnóidh siad féin de réir a riachtanais foghlama gairmiúla féin, i gcomhar leis an FTG.

## 6. Deireadh a chur leis an bpróiseas

Bíonn comhrá gairmiúil ag an MNC agus an FTG i dtreo dheireadh an phróisis. Íoslódálann an MNC Foirm D trí logáil isteach i dtairseach láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta. Síníonn an MNC agus na baill den FTG a thacaigh leis an MNC sa phróiseas an Comhdhearbhú (le fáil ar Fhoirm D). Ansin uaslódálann an MNC Foirm D uair amháin eile (na 5 leathanach) ar an tairseach.

Tar éis Foirm D a sheiceáil, bainfidh an Chomhairle Múinteoireachta an coinníoll maidir le Droichead de chlárú anmhúinteora.

Moltar don Phríomhoide agus don FTG athbhreithniú a dhéanamh ar phróiseas Droichead, le hionchur ón MNC,féachaint an bhféadfaí an próiseas a fheabhsú (más gá) don chéad bhliain eile.